Léirsithe sa Libia

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi léirsithe atá ar bun sa Libia. Sula bhféachann tú ar an tuairisc dean plé ar an méid atá ar eolas agat faoin scéal seo roimh ré.

Ceist 2 Déan féin agus an duine in aice leat anois iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

Allies_____
Missiles_____
Rebels_____
Viciously_____
Chief Secretary_____
Arab_____
Explosion_____
Military attacks_____
Protestors_____
Clash_____
Intent_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a scaoil fórsaí na gcomhghuaillithe ón aer?
2. Cad atá ag tarlú ar an talamh?
3. Ainmnigh dhá rud a tharla i gCathair Tripoli aréir.
4. Cad nach bhfuil ceadaithe faoi rún na Náisiún Aontaithe?
5. Cén cead a thugann rún na Náisiún Aontaithe?
6. Ainmnigh beirt a bhí i láthair ag an bpreasócáid i gCaireo.
7. Tabhair píosa eolais faoin méid atá ag tarlú in Éimin.
8. Cad a tharla i Maracó agus sa tSiria?

Ceist 5 1.An bhfuil a fhios agat cá bhfuil na háiteanna seo a leanas?

- Éimin
- An Libia
- An tSiria
- Maracó
- An Mheánmhuir
- Tripoli
- Caireo
- An Bhreatain
- Na Stáit Aontaithe
- An Fhrainc

2. Cé hiad an triúr seo?

- Muammar Gaddafi
- Amr Moussi
- Ban Ki-Moon

3. An dtuigeann tú an dá leagan cainte seo:

- ina gcíor thuathail
- bata is bóthar

Ceist 6 **"**Is gearr go mbeidh an tríú cogadh domhanda buailte linn."

Do bharúil maidir leis an ráiteas seo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

Allies: **Comhghuaillithe**
Missiles: **Diúracáin**
Rebels: **Reibiliúnaithe**
Viciously: **Fíochmhar**
Chief Secretary: **Príomh-Rúnaí**
Arab: **Arabach**
Explosion: **Pléascadh**
Military attacks: **Ionsaithe Míleata**
Protestors: **Léirsitheoirí/Agóideoirí**
Clash**: Caismirt**
Intent/Motion: **Rún**

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

Ceist 4

1. Tá fórsaí na gcomhghuaillithe sa Mheánmhuir tar éis diúracáin a scaoileadh agus ionsaithe a dhéanamh ón aer.
2. Tá saighdiúirí Gadaffi agus na reibiliúnaithe ag troid go fíochmhar ar an talamh.
3. Bhí pléascadh i ndiaidh pléasctha le cloisteáil i gCathair Tripoli aréir agus scriosadh foirgneamh leis an gCoirnéal Gaddafi.
4. Níl sé ceadaithe faoi rún na Náisiúin Aontaithe ionsaithe na gcomhghuaillithe a dhíriú ar Choirnéal Gaddafi.
5. Tá sé ceadaithe ionsaithe míleata a dhéanamh sa Libia agus bac a chur ar eitiltí in aerspás na tíre áfach.
6. Ardrúnaí Léig na nArabach Amr Moussi agus Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Ban Ki-Moon
7. Tá cúrsaí ina gcíor thuathail in Éimin le mí anuas. Tuairiscítear gur maraíodh scór duine i dtuaisceart na tíre. Tá daoine ansin ag iarraidh bata is bóthar a thabhairt don Uachtarán atá tríocha is a dó bliain i gcumhacht.
8. Bhí léirsithe freisin i Maracó agus tharla caismirtí idir léirsitheoirí agus fórsaí slándála sa tSiria.

Ceist 5

- Éimin-Sa Mheán Oirthear ó dheas den Araib Shádach.
- An Libia-Tuaisceart na hAfraice, le taobh na hÉigipte agus na hAilgéire.
- An tSiria-Sa Mheán Oirthear ó thuaidh den Iordáin.
- Maracó-San Afraic ó dheas den Spáinn.
- An Mheánmhuir-Idir dheisceart na hEorpa agus tuaisceart na hAfraice.
- Tripoli-Príomhchathair na Libia i dtuaisceart na hAfraice.
- Caireo-Príomhchathair na hÉigipte i dTuaisceart na hAfraice.
- An Bhreatain-Iarthar na hEorpa.
- Na Stáit Aontaithe-Meiriceá Thuaidh.
- An Fhrainc-Iarthar na hEorpa.

- Muammar Gaddafi-An coirnéal atá i gceannas sa Libia.
- Amr Moussi- Ardrúnaí Léig na nArabach.
- Ban Ki-Moon- Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe.

- ina gcíor thuathail-Tá rudaí trína chéile, bun os cionn, tá an phraiseach ar fud na mias.
- bata is bóthar-Tugtar bata is bóthar do dhuine, i.e. caitear amach as a phost é nó deirtear leis imeacht.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Sa Libia tá fórsaí na gcomhghuaillithe sa Mheánmhuir tar éis diúracáin a scaoileadh agus ionsaithe a dhéanamh ón aer ar na scórtha ionad sa Libia agus tuairiscítear go bhfuil saighdiúirí Gadaffi agus na reibiliúnaithe ag troid go fíochmhar ar an talamh. Deir na fórsaí nach bhfuil sé mar aidhm acu an Coirnéal[1] Muammar Gaddafi a mharú cé gur rinneadh[2] ionsaithe ar cheann dá chuid áiteanna[3] cónaithe aréir.

Bhí pléascadh i ndiaidh pléasctha le cloisteáil i gCathair Tripoli aréir agus scriosadh foirgneamh leis an gCoirnéal Gadafi. Níl a fhios cá raibh an Coirnéal Gaddafi ag an am ach tá sé ráite ag an mBreatain, ag na Stáit Aontaithe agus ag an bhFrainc[4] nach ar an gCoirnéal Gaddafi atá ionsaithe na gcomhghuaillithe dírithe mar nach bhfuil sé sin ceadaithe faoi rún na Náisiúin Aontaithe.

Thug Ardrúnaí Léig na nArabach Amr Moussi le fios inniu go nglacann sé le rún na Náisiún Aontaithe a thugann cead ionsaithe míleata a dhéanamh sa Libia agus bac a chur ar eitiltí in aerspás na tíre. Bhí preasócáid aige féin agus ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Ban Ki-Moon i gCaireo. Idir an dá linn bhí tuilleadh léirsithe frithrialtais ar bun sa réigiún.

Tá cúrsaí ina gcíor thuathail in Éimin le mí anuas. Tuairiscítear gur maraíodh scór duine i dtuaisceart na tíre. Tá daoine ansin ag iarraidh bata is bóthar a thabhairt don Uachtarán atá tríocha is a dó bliain i gcumhacht.

Bhí léirsithe freisin i Maracó agus tharla caismirtí idir léirsitheoirí agus fórsaí slándála sa tSiria.

---

[1] An Cornal a úsáidtear freisin
[2] Deineadh a deirtear
[3] Áiteacha deirtear
[4] An Fhrainc a deirtear